

Sábháilteacht ar líne

LEIDEANNA DO THUISMITHEOIRÍ AGUS DO CHÚRAMÓIRÍ



Cuidigh le do leanbh nósanna sláintiúla scáileáin a fhorbairt – teorainn a chur le ham scáileáin, ó chosc iomlán ar scáileán a úsáid i gcás leanaí ó 0 go 2 bhliain d'aois, go teorainneacha ama atá oiriúnach ó thaobh aoise de i gcás leanaí suas le 10 mbliana d'aois go 12 bhliain d'aois, agus an úsáid sin faoi do mhaoirseacht. I gcás ógánach ó 13 bliana d'aois go 18 mbliana d'aois, ba cheart teorainneacha ar am scáileáin a phlé fós, ionas go mbeidh go leor ama acu chun staidéar a dhéanamh agus bualadh le cairde i bpearsa.



Seiceáil go bhfuil aipeanna agus cluichí oiriúnach ó thaobh aoise de do do leanbh.



I gcás leanaí óga (suas le 12 bhliain d'aois), **níor cheart consóil ná gairis a úsáid ach amháin i láthair duine fásta.**



Ná lig do ghairis a bheith ann sa seomra folctha, sa seomra leapa ná ag amanna béilí.



Tabhair aird ar thon a gcomhráite ar líne agus le linn cluichíochta. Coinnigh súil amach do bhratacha dearga.



Caith am le chéile ar líne – iarr ar do leanbh féachaint ar an ábhar is fearr leis in éineacht leat.



Ná déan 'a gcuid ábhar' a cháineadh – cabhraigh le do leanbh a mbreithiúnas féin a fhorbairt (gheobhaidh tú tuairim freisin faoin méid atá á mholadh ag a n-algartam).



Spreag do leanbh chun labhairt leat má tá imní ar an leanbh faoi rud éigin ar líne – déan do leanbh a chur ar a shuaimhneas go dtabharfaidh tú cúnamh dó, nach gcuirfidh tú an milleán air, nach ngearrfaidh tú pionós air, nó nach mbainfidh tú de an gaireas.



Lean ar aghaidh le comhráite faoi shábháilteacht ar líne de réir mar a théann do leanbh in aois, an tréimhse ó 16 bliana d'aois go 18 mbliana d'aois agus ina dhiaidh sin san áireamh.



Seachain do chuid smaointe a chomhroinnt – smaoinigh go cúramach sula comhroinnfidh tú grianghraif nó físeáin de do leanaí nó do dhéagóirí ar líne. Is féidir le strainséirí agus IS an t-eolas sin a úsáid ar go leor bealaí.



Bí i d'eiseamláir – ná bí sáite i do ghaireas agus do leanaí i gcóngar. Tabhair an aird atá tuillte acu dóibh agus ná caill amanna agus comhráite tábhachtacha le do leanbh.

